2019 M105T

2019L568G1IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit

Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2019

# An Pholaitíocht agus an tSochaí

## Gnáthleibhéal

Dé Máirt, 25 Meitheamh – Maidin 9:30 go dtí 12:00

400 marc

| Scrúduimhir | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | |

Stampa an Ionaid

2019L568G1IL0128

## Treoracha d'Iarrthóirí

Tá trí roinn sa scrúdpháipéar seo.

| | | |
|---|---|---|
| Roinn A | Ceisteanna Gearrfhreagra | 100 marc |
| Roinn B | Ceisteanna Bunaithe ar Shonraí | 150 marc |
| Roinn C | Aistí Dioscúrsacha | 150 marc |

Freagair gach roinn.

Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh sa leabhrán seo. Is féidir go gcaillfidh tú marcanna mura ndéanann tú sin. Ní gá duit an spás go léir a úsáid.

Tá leathanaigh bhreise ar fáil má theastaíonn siad. Lipéadaigh aon obair bhreise go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an bpáirt den cheist.

Déanfar an leabhrán scrúdaithe seo a scanadh agus is ar scáileán a chuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora. Mar sin is féidir nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a scríobhfaidh tú taobh amuigh de bhoscaí na bhfreagraí.

**Scríobh do chuid freagraí le peann gorm nó le peann dubh. Ná húsáid peann luaidhe.**

| Roinn A | Ceisteanna Gearrfhreagra | 100 marc |
|---|---|---|

Freagair **cúig cinn déag** de na míreanna seo thíos, **(a), (b), (c)…** Scríobh na freagraí sna spásanna atá ann dóibh.

**Ceist 1**

**(a)** Mínigh an ról atá ag an gCeann Comhairle sa Dáil.

**(b)** Déan cur síos ar **dhá** theachtaireacht atá á gcur in iúl san íomhá seo faoi na meáin. An aontaíonn tú leis an rabhadh a thugtar san íomhá seo? Tabhair **dhá** chúis le do fhreagra.




**(c)** Cad a chiallaíonn saoirse an phreasa?



**(d)** I Nollaig 2018, chomhaontaigh 200 tír ar an mbealach le Comhaontú Aeráide Pháras a chur i bhfeidhm chun an t-athrú aeráide a chomhrac. Déan cur síos ar **dhá** ghníomh a d’fhéadfaí a dhéanamh i do phobal féin chun an t-athrú aeráide a chomhrac.

| |
|---|
| An chéad ghníomh: |
| |
| An dara gníomh: |
| |

**(e)** Ainmnigh **dhá** roinn rialtais i Rialtas na hÉireann. Déan cur síos ar an obair a dhéanann **ceann amháin** de na ranna sin.

| |
|---|
| An chéad roinn: |
| An dara roinn: |
| Obair: |
| |
| |

**(f)** Ainmnigh aon chomhlacht fornáisiúnta **amháin** a ndearna tú staidéar air agus mínigh an ról atá aige.

| |
|---|
| Ainm: |
| Ról: |
| |

**(g)** Mínigh an difríocht idir cearta sibhialta agus cearta polaitiúla.

| |
|---|
| |
| |
| |

**(h)** Mínigh ról na státseirbhíse in Éirinn.

| |
|---|
| |
| |
| |

**(i)** An míníonn an cartún seo an coincheap 'cultúr iltíreach'? Tabhair **dhá** chúis le do fhreagra.

| |
|---|
| An chéad chúis: |
| |
| |
| |
| An dara cúis: |
| |
| |
| |




**(j)** Cad is foréigean idir-eitneach ann? Tabhair sampla **amháin** d'fhoréigean idir-eitneach atá ar siúl sa domhan faoi láthair.

| |
|---|
| |
| |
| |
| Sampla: |

**(k)** Tabhair **dhá** chúis le hearraí a thrádáiltear go heiticiúil a cheannach.

| |
|---|
| An chéad chúis: |
| |
| An dara cúis: |
| |

**(l)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** phíosa shuntasacha eolais faoi phróiseas na comhpháirtíochta sóisialta.

| |
|---|
| An chéad phíosa: |
| |
| An dara píosa: |
| |

**(m)** Mínigh an téarma 'aicme shóisialta'.

| |
|---|
| |
| |
| |

**(n)** Déan cur síos ar bhealach **amháin** a bhféadfadh aicme shóisialta tionchar a imirt ar an saol a chaitheann daoine óga in Éirinn sa lá atá inniu ann.

| |
|---|
| |
| |
| |

**(o)** Tabhair **trí** chúis a n-úsáideann polaiteoirí na meáin shóisialta e.g.Twitter.

| |
|---|
| An chéad chúis: |
| An dara cúis: |
| An tríú cúis: |

**(p)** Déan cur síos ar **dhá** phróiseas atá ag cur le fás an domhandaithe faoi láthair.


| |
|---|
| Próiseas a haon: |
| |
| Próiseas a dó: |
| |

**(q)** Déan cur síos ar shampla **amháin** de phatrarcacht in Éirinn sa lá atá inniu ann.

| |
|---|
| |
| |
| |

**(r)** Ó bheith ag féachaint ar an bpíchairt thíos, an mbainfeá amach an chonclúid go bhfuil fadhb maidir le heaspa dídine in Éirinn? Cosain do fhreagra.

**Easpa dídine de réir réigiúin le linn na seachtaine 19-25 Samhain 2018**




**Baile Átha Cliath** 4129

**An Lár-Oirthear**
Cill Dara 112
An Mhí 81
Cill Mhantáin 30

**Lár Tíre**
Laois 19
An Longfort 9
Uíbh Fhailí 50
An Iarmhí 40

**An Lár-Iarthar**
An Clár 80
Luimneach 305

**An tOirthuaisceart**
Lú 128
Muineachán 5
An Cabhán 9

**An tIarthuaisceart**
Dún na nGall 20
Liatroim 1
Sligeach 34

**An tOirdheisceart**
Ceatharlach 23
Cill Chainnigh 63
Tiobraid Árann 56
Port Láirge 114
Loch Garman 61

**An tIardheisceart**
Corcaigh 363
Ciarraí 132

**An tIarthar**
Gaillimh 261
Maigh Eo 30
Ros Comáin 2

Déan cur síos ar bhuntáiste **amháin** agus ar mhíbhuntáiste **amháin** a bhaineann le sonraí maidir le heaspa dídine a chur i láthair ar an mbealach seo.

Buntáiste:


Míbhuntáiste

**(s)** Cad atá i gceist ag an Taoiseach, Leo Varadkar, sa cheannlíne thíos?

**Ní haon chabhair dóibh siúd gan dideán na léirsithe, arsa Leo**

**(t)** Tabhair **dhá** phíosa eolais faoi conas a roghnaítear comhaltaí Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann.

**(u)** Scrúdaigh na sonraí ó 2016 maidir le Lucht Siúil na hÉireann, agus freagair na ceisteanna thíos.




**(i)** An sampla é seo de thaighde cáilíochtúil nó de thaighde cainníochtúil?

**(ii)** Luaigh difríocht **amháin** idir an pobal i gcoitinne agus pobal Lucht Siúil na hÉireann.

**(iii)** Déan cur síos ar bhuntáiste **amháin** agus ar mhíbhuntáiste **amháin** a bhaineann le sonraí daonáirimh.

Buntáiste

Míbhuntáiste:

| Roinn B | Ceisteanna Bunaithe ar Shonraí | 150 marc |
|---|---|---|

Freagair **gach** ceist sa roinn seo. Scríobh na freagraí sna spásanna atá ann dóibh.


**Doiciméad A – Grafaic Faisnéise ó Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe (UNHCR) - gníomhaireacht dídeanaithe na Náisiún Aontaithe.**

Déanann UNHCR staitisteoirí lánaimseartha a fhostú chun rianú a dhéanamh ar an líon daoine a mbíonn orthu teitheadh ionas go mbíonn an eagraíocht in ann measúnú a dhéanamh ar an líon daoine a bhfuil cabhair de dhíth orthu, an méid cabhrach atá de dhíth orthu agus an líon foirne is gá chur i mbun oibre nuair a tharlaíonn géarchéim mhór gluaiseachta daoine.

Bíonn sonraí agus staitisticí atá cruinn, ábhartha, agus tráthúil thar a bheith tábhachtach maidir leis an obair seo. Bíonn fáil ar an eolas mionsonraithe a leanas faoi na dídeanaithe: tír thearmainn, áit tionscnaimh, inscne, aois, suíomh agus stádas dlí. Baineann na comhpháirtithe ar fad úsáid as sonraí UNHCR chun freagairt do riachtanais na bpobal dídeanaithe agus na ngrúpaí eile ar díol imní iad, lena n-áirítear iarrthóirí tearmainn, dídeanaithe atá fillte ar ais, daoine atá easáitithe ina dtír féin agus daoine gan stát.

## SRACFHÉACHAINT AR NA FIGIÚIRÍ

**68.5 Milliún** easáitithe le lámh láidir ar fud an domhain




Daoine easáitithe ina dtír féin
**40 milliún**

Dídeanaithe
**25.4 milliún**

Iarrthóirí tearmainn
**3.1 milliún**

Tá níos mó ná leath díobh seo faoi 18 mbliana d'aois

**Na háiteanna ina bhfuil muintir easáitithe an domhain á n-óstáil**




Tá 85% díobh siúd atá easáitithe i dtíortha i mbéal forbartha

Tháinig **57%** de dhídeanaithe an domhain as trí thír




**Na tíortha is mó ina mbíonn dídeanaithe á n-óstáil**

| | |
|---|---|
| Poblacht Ioslamach na hIaráine | 979,400 |
| An Liobáin | 1.0m |
| An Phacastáin | 1.4m |
| Uganda | 1.4m |
| An Tuirc | 3.5m |

**10 milliún**
**duine gan stát**



**Déantar Duine Amháin**
a easáitiú le lámh láidir gach dhá shoicind de bharr coimhlinte nó géarleanúna

**44,400 duine**
sa lá a mbíonn orthu teitheadh óna dtithe de bharr coimhlinte nó géarleanúna

Déantar náisiúntacht agus cearta daonna bunúsacha amhail oideachas, fostaíocht agus saoirse gluaiseachta a shéanadh ar **dhaoine gan stát**

Foinse UNHCR 19 Meitheamh 2018

**Doiciméad B – Cás-Staidéar: An tSiria**



**Oíche Bhrónach Dhorcha Amháin:** le Walaa – dídeanaí óg, 17 mbliana d'aois a bhí ina cónaí in Amman Thoir. D'fhoghlaim sí Béarla ar scoil agus scríobh sí an t-alt seo i mBéarla chun comóradh a dhéanamh ar an 1000ú lá den choimhlint sa tSiria.

Oíche bhrónach, dhorcha amháin, oíche gan ghealach, bhí mé in éineacht le mo chlann i mo theach sa tSiria agus bhíomar ag ullmhú an dinnéir chun go mbeadh béile deas againn le chéile. Go tobann, gearrtar an chumhacht agus táimid sa dorchadas, nóiméad ina dhiaidh sin lasann an spéir, ní le solas na gealaí ach le pléasc. Ansin, tá gach solas imithe agus níl le cloisteáil againn ach screadach. Tarlaíonn pléasc eile agus éiríonn an screadach níos airde. Bhí an bás thart orainn, agus eadrainn agus bhí muid ag fanacht go dtiocfadh sé chugainn. Thosaigh mo dheartháireacha beaga ag gol agus bhí ormsa a bheith láidir ar mhaithe leosan, cé go raibh faitíos ormsa freisin.

Oíche amháin i mí Aibreáin, d'fhágamar ár dteach agus chuamar go teach ár seantuismitheoirí le bheith sábháilte. Ar an mbealach, ní raibh le feiceáil ach an bás, ní raibh le cloisteáil ach screadach agus ní raibh aon bholadh le fáil ach boladh na fola. Bhí ár dteach imithe agus bhíomar gan dídean.

Tar éis na hoíche sin, ar feadh bliain go leith, bhí an naonúr againn inár gcónaí i seomra amháin. Fiú an seomra sin, thóg siad uainn é, i bpléasc mhór eile cosúil leis an gceann an chéad oíche. Agus d'fhágamar teach ár seantuismitheoirí ar an gcúis chéanna gur thángamar chun na hIordáine. D'fhágamar ár scoileanna, ár gcuid oideachais, ár gcairde agus chailleamar gach rud; níl aon scoil ann dúinne níos mó.

San Iordáin, bhí orainn teach a athrú faoi dhó laistigh de thrí mhí, mar go bhfuil na tithe ródhaor anseo agus mar nach acmhainn do mo thuismitheoirí an cíos a íoc. Ní féidir lenár dtuismitheoirí dul ag obair anseo, mar nach bhfuil cead oibre ag mórán de mhuintir na Siria. Ní páistí muid a thuilleadh, is seandaoine muid i gcolainneacha páistí.

Níl na páistí Siriacha ag smaoineamh ar spraoi a bheith acu ná ar bhualadh le cairde nua, tá rudaí níos mó ná sin ag déanamh imní dóibh. Tá siad ag smaoineamh ar conas dul a chodladh agus ocras, tart is fuacht orthu. Agus an mbeidh áit chodlata acu amárach nó an mbeidh siad ar na sráideanna mar nach bhfuil a dtuismitheoirí in acmhainn an cíos a íoc a thuilleadh.

Tá níos mó agus níos mó den phósadh luath ag tarlú agus níl cailíní ábalta fanacht ar scoil a thuilleadh. Ach ar a laghad, táimid sábháilte anseo, tá cúrsaí sa tSiria ag dul in olcas in aghaidh an lae. Feiceann tú daoine ina gcónaí ar na sráideanna amhail is dá mbeidís in árasán. Bíonn na páistí ag gol de shíor mar go bhfuil siad stiúgtha leis an ocras agus ag fáil bháis leis an bhfuacht, nach mór. Níl riachtanais na beatha acu. Tá siad beo bocht agus tá gach rud de dhíth orthu ó theach go bia, cóir leighis agus cógais, éadaí, leabhair, scoileanna, téitheoir chun iad a choinneáil te agus uisce fiú. Ní iarrann na páistí dul ag súgradh ná a bheith ag baint sult as an saol ná a bheith ag staidéar agus ag foghlaim, ní iarrann siad ach ceart chun na beatha.

Ní féidir liom a chreidiúint fós gur tharla na rudaí a tharla. Mothaíonn sé mar a bheadh tromluí ann nach féidir liom dúiseacht as. An fíor gur fhág mé mo theach, mo scoil, mo chlann, mo chairde, agus mo thír? Níl mé in ann fanacht ag féachaint ar mhuintir na Siria agus iad ag fulaingt. Tá sé ar siúl anois le 1000 lá agus cé mhéad ama eile is gá dóibh a bheith ag fulaingt sula mbeidh deireadh leis an gcoimhlint seo?

A chairde agus a chlann atá fós sa tSiria, maithigí dom é, le bhur dtoil, mé féin a bheith slán agus sibhse fós i mbaol mór.

Éinne a léann é seo, iarraim oraibh cabhair a thabhairt dóibh siúd atá fós sa tSiria. Tá cabhair de dhíth orthu, níos mó ná mar a d'fhéadfá a shamhlú riamh. Tá sé de cheart ag páiste maireachtáil agus saol a bheith aige nó aici, nach bhfuil?

**Ceist 2** **(40 marc)**

**(a)** De réir Dhoiciméad A, cad iad an **dá** thír is mó ar domhan ina mbíonn dídeanaithe á n-óstáil?

| |
|---|
| |
| |

**(b)** De réir Dhoiciméad A, conas a bhailíonn UNHCR sonraí staitistiúla faoi dhaoine a mbíonn orthu teitheadh óna dtithe cónaithe?

| |
|---|
| |
| |
| |

**(c)** De réir Dhoiciméad B, ar feadh cé mhéad ama i ndiaidh na hoíche i mí Aibreáin ar chónaigh an chlann i seomra amháin?

| |
|---|
| |

**(d)** I nDoiciméad B, tugtar na cúiseanna a raibh ar an gclann bogadh faoi dhó laistigh de thrí mhí. Tabhair **dhá** cheann de na cúiseanna sin.

| |
|---|
| An chéad chúis: |
| An dara cúis: |

**(e)** Ag baint úsáid as an bhfianaise i nDoiciméad B, ainmnigh cúig cinn de chearta daonna atá á séanadh ar Walaa. Déan cur síos ar conas atá **dhá** cheann de na cearta daonna sin á séanadh ar Walaa.

| | |
|---|---|
| Cearta Daonna: | (i) |
| (ii) | (iii) |
| (iv) | (v) |

| |
|---|
| An chéad cheart daonna: |
| |
| An dara ceart daonna: |
| |

**Ceist 3** **(50 marc)**

**(a)** Is é an teideal atá ar an ngrafaic faisnéise a chuirtear i láthair i nDoiciméad A ná 'Sracfhéachaint ar na Figiúirí.' Tabhair cúis **amháin** a bhfuil an teideal seo ar Dhoiciméad A.

**(b)** Déan cur síos ar theorainn **amháin** a bhaineann le sonraí cainníochtúla mar a chuirtear i láthair i nDoiciméad A iad.

**(c)** Roghnaigh **dhá** phríomhphíosa eolais as Doiciméad A agus déan cur síos ar an mbaint atá acu le scéal Walaa i nDoiciméad B.

Príomhphíosa eolais:

Príomhphíosa eolais:

Cur síos:

**(d)** An foinse sonraí iontaofa é Document B? Tabhair **dhá** chúis le do fhreagra.

An chéad chúis:

An dara cúis:

**(e)** Is iad na Náisiúin Aontaithe a thiomsaigh Doiciméad A. Ainmnigh **dhá** bhuntáiste agus míbhuntáiste **amháin** a bhaineann le taighde a bheith á bhailiú, á anailísiú agus á fhoilsiú ag gníomhaireachtaí de chuid na Náisiún Aontaithe.

**Ceist 4** **(60 marc)**

**(a)** I nDoiciméad A deir Walaa 'Ní páistí muid a thuilleadh, is seandaoine muid i gcolainneacha páistí.' Mínigh a bhfuil i gceist ag Walaa leis an ráiteas seo agus tú ag tarraingt ar an eolas i nDoiciméad B.

**(b)** 'Ná fágtar aon duine ar gcúl' a ghealllann na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe. Bunaithe ar fhoghlaim níos leithne atá déanta agat, an bhfuil ag éirí leis an ngeall seo comhionannas a chinntiú ar domhan sa lá atá inniu ann?

LEAVE NO ONE BEHIND

**(c)** Ainmnigh agus déan cur síos ar thionscadal saoránachta a fhreagraíonn do na riachtanais atá ag pobail dídeanaithe ag an leibhéal áitiúil nó náisiúnta nó idirnáisiúnta.

Gníomh:

Réasúnaíocht:

Cur síos:

Aidhmeanna:

| Roinn C | Aistí Dioscúrsacha | 150 marc |
|---|---|---|


Freagair **trí** cinn ar bith as ceisteanna 5, 6, 7, 8, 9 agus 10. Freagair ar na leathanaigh a chuirtear ar fáil.

**Ceist 5** **(50 marc)**


Mairimid i ndomhan comhdhéanta de phobail shamhalta agus imríonn sé sin tionchar suntasach ar conas a bhíonn daoine ag idirghníomhú le chéile.

Maidir le himeachtaí náisiúnta agus domhanda a tharla le déanaí pléigh an smaoineamh 'sinne agus iadsan'.

Seans go mbeifeá ábalta tarraingt ar na híomhánna seo a leanas i do fhreagra.








**Ceist 6** **(50 marc)**

Ag tarraingt ar do thaithí féin agus ar fhianaise ábhartha, pléigh an luach a bhaineann le carthanais, eagraíochtaí deonacha nó seirbhísí pobail ar an leibhéal áitiúil agus/nó náisiúnta agus/nó idirnáisiúnta. I do fhreagra, tabhair sampla d'eagraíocht dheonach nó carthanas nó seirbhís phobail.

Déan cur síos ar chuspóir na heagraíochta a roghnaigh tú, ar an obair a dhéanann sí agus ar na daoine atá bainteach léi.

D'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith san áireamh i do fhreagra freisin:

- Cén fáth ar ann do na heagraíochtaí nó na carthanais nó na seirbhísí pobail seo?
- An bhfuil na grúpaí nó na heagraíochtaí seo ag freastal ar riachtanas sa tsochaí?
- An mar thoradh ar neamhionannas sóisialta atá na grúpaí seo ann?

**Ceist 7** **(50 marc)**

An gá córas toghchán na hÉireann a athrú? Mínigh do fhreagra.

Féadfaidh tú na leideanna seo a leanas a úsáid chun d'aiste a scríobh:

- An córas toghcháin
- Na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le córas vótála PRSTV (ionadaíocht chionmhar – aonvóta inaistrithe)
- Na cineálacha éagsúla toghchán in Éirinn
- Córais toghcháin i dtíortha eile
- Córas na bpáirtithe polaitíochta in Éirinn
- Ionadaíocht ar son gach cuid den tsochaí e.g. aicmí, mná, daoine imeallaithe, grúpaí mionlaigh
- Clárú chun vótáil

**Ceist 8** **(50 marc)**

Osclaíodh bunscoil íoctha táillí nua – Scoil Sudbury i gContae Shligigh – i Meán Fómhair 2018. Tá an scoil seo á reáchtáil de réir daonlathas díreach, córas ina gcaitear le daltaí agus le baill foirne mar dhaoine atá ar comhchéim agus a bhfuil ról acu ar fad sa chinnteoireacht. Is féidir le duine óg foghlaim ar a luas féin sa scoil seo.

Pléigh an tsamhail oideachais seo ag tarraingt ar do thaithí féin agus ar fhianaise ábhartha.

**Ceist 9** **(50 marc)**

Tá béim á cur sna meáin le déanaí ar shaincheisteanna cosúil le scrios na bhforaoisí báistí, caighdeán an aeir, ainmhithe i mbaol díothaithe, plaisteach sna farraigí agus an tábhacht a bhaineann le haire a thabhairt don chomhshaol ar bhealach inbhuanaithe.

Déan iniúchadh ar chumhacht na meán le bonn eolais a chur faoi roghanna agus iompar tomhaltóirí agus le dul i gcion orthu. Úsáid fianaise agus samplaí ábhartha chun tacú le do fhreagra.

Féadfaidh tú na focail seo a leanas a úsáid chun d'aiste a scríobh.

| | | |
|---|---|---|
| cumhacht | tionchar | airgead |
| smacht | úinéireacht | brabús |
| ciontacht | tomhaltóir eiticiúil | straitéisí |
| mothúcháin | il-náisiúnta cuideachta | rogha |
| | ardáin na mean | |

**Ceist 10** **(50 marc)**




Ar an 10 Nollaig 2018 rinneadh comóradh ar an tráth 70 bliain ó shin nuair a ghlac Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe (UDHR) le Dearbhú Uilechoiteann na Náisiún Aontaithe.

Agus muid 70 bliain níos faide anonn, pléigh cé acu atá cearta daonna á gcosaint agus á gcur chun cinn in Éirinn nó an bhfuil ag teip ar Éirinn a cuid oibleagáidí i dtaca le cearta daonna a chomhlíonadh?

Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe (UDHR)



**Roinn C – Freagra ar Cheist ___**

**Spás chun do fhreagra a ullmhú mas rogha leat é.**

**Freagra**

**Roinn C – Freagra ar Cheist ___**

**Spás chun do fhreagra a ullmhú más rogha leat é.**

**Freagra**

**Roinn C – Freagra ar Cheist ___**

**Spás chun do fhreagra a ullmhú más rogha leat é.**

**Freagra**

**Leathanach breise más rogha leat é a úsáid.**

**Cuir uimhir agus páirt gach ceiste in iúl go soiléir.**

**Leathanach breise más rogha leat é a úsáid.**

**Cuir uimhir agus páirt gach ceiste in iúl go soiléir.**

**Admhálacha**

**Íomhánna**

Íomhá ar leathanach 3: < https://propaganda.mediaeducationlab.com/rate/mainstream-news-harmful-if-swallowed> (Léite ar 02 Márta 2019).
Íomhá ar leathanach 3: <https://en.unesco.org/commemorations/worldpressfreedomday/2018> (Léite ar 02 Márta 2019).
Íomhá ar leathanach 5: <https://i.redd.it/hhtmq1afvqc01.jpg> ((Léite ar 2 Márta 2019). Oiriúnaithe.
Íomhá ar leathanach 7: <https://www.housing.gov.ie/sites/default/files/publications/files/homeless_report_-_november_2018_0.pdf> (Léite ar 02 Márta 2019).
Íomhá ar leathanach 7: <https://twitter.com/paddycosgrave/status/1043481471393124352> (Léite ar 02 Márta 2019).
Íomhá ar leathanach 8: <https://www.cso.ie/en/csolatestnews/presspages/2017/census2016profile8-irishtravellersethnicityandreligion/> (Léite ar 02 Márta 2019).
Íomhá ar leathanach 13: <https://action4sd.org/leavenoonebehind/> (Léite ar 02 Márta 2019).
Íomhá ar leathanach 14: <http://www.blogtalkradio.com/blackfreethinkers/2013/06/02/us-vs-them-mentality> (Léite ar 02 Márta 2019), Oiriúnaithe.
Íomhá ar leathanach 14: <https://www.theguardian.com/commentisfree/2016/nov/11/populists-us#img-1> (Léite ar 02 Márta 2019).
Íomhá ar leathanach 14: <https://www.economist.com/leaders/2018/03/31/britain-underestimates-brexits-damage-to-northern-ireland> (Léite ar 02 Márta 2019).
Íomhá ar leathanach 14: <http://www.globaltimes.cn/content/1092108.shtml> (Léite ar 02 Márta 2019).
Íomhá ar leathanach 15: <https://sligosudburyschool.com/> (Léite ar 02 Márta 2019).
Íomhá ar leathanach 16: <https://www.una.org.uk/news/celebrating-70-years-universal-declaration-human-rights?page=3> (Léite ar 02 Márta 2019).
Íomhá ar leathanach 16: <https://www.thinglink.com/scene/885518633164341250> (Léite ar 02 Márta 2019).

**Tuarascálacha**

Document A on page 9: <https://www.unhcr.org/figures-at-a-glance.html> (Léite ar 02 Márta 2019), Oiriúnaithe.
Document B on page 10: <https://blogs.savethechildren.org.uk/2013/12/1000-days-of-hell-a-syrian-child-tells-her-story/> (Léite ar 02 Márta 2019), Oiriúnaithe.

D'fhéadfadh sé go ndearnadh ábhar a oiriúnú, ar mhaithe leis an measúnú, gan toiliú an údair a fháil roimh ré.

**Fógra cóipchirt**

D'fhéadfadh sé go bhfuil téacs nó íomhánna ar an scrúdpháipéar seo nach ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit atá an cóipcheart ina leith. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar de réir Alt 53(5) den Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, (2000). Ní údaraítear aon úsáid eile seachas an úsáid dár ceapadh é. Ní ghlacann an Coimisiún freagracht as aon sárú ar chearta tríú páirtí a leanann as dáileadh nó as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

An Ardteistiméireacht – Gnáthleibhéal

# An Pholaitíocht agus an tSochaí

Dé Máirt 25 Meitheamh
Maidin 9:30 – 12:00

2019L568G1IL2828